2018. M105T

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2018

# An Pholaitíocht agus an tSochaí - Gnáthleibhéal

Dé Céadaoin, 20 Meitheamh – Tráthnóna 2:00 go dtí 4:30

400 marc

| Scrúduimhir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

Stampa an Ionaid

| | Ceist | Marc | |
|---|---|---|---|
| | | Scrúdaitheoir | Scrud. Comh. |
| **Roinn 1** | **C. 1** | | |
| **Roinn 2** | **C. 2** | | |
| | **C. 3** | | |
| | **C. 4(a)** | | |
| | **C. 4(b)** | | |
| **Roinn 3** | **C. 5** | | |
| | **C. 6** | | |
| | **C. 7** | | |
| | **C. 8** | | |
| | **C. 9** | | |
| | **C. 10** | | |
| **Iomlán (Páipéar)** | | | |

| | Marc | |
|---|---|---|
| | Scrúd. | Scrud. Comh |
| **1.** Iomlan na n-iomlán bun leathanaigh | | |
| **2.** Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh | | |
| **An marc a bronnadh (1 lúide 2)** | | |

| | Marc | |
|---|---|---|
| | Scrúd. | Scrud. Comh |
| An Scrúdpháipéar | | |
| Tuairisc ar Thionscadal Saoránachta | | |
| Móriomlán (Páipéar) | | |
| Tuairisc ar Thionscadal Saoránachta | | |
| **An marc iomlán a bronnadh** | | |

**Treoracha d'iarrthóirí**

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 150 marc |

Freagair gach roinn.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| **Roinn 1** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist 1** | **(a)** | | | **(k)** | | |
| | **(b)** | | | **(l)** | | |
| | **(c)** | | | **(m)** | | |
| | **(d)** | | | **(n)** | | |
| | **(e)** | | | **(o)** | | |
| | **(f)** | | | **(p)** | | |
| | **(g)** | | | **(q)** | | |
| | **(h)** | | | **(r)** | | |
| | **(i)** | | | **(s)** | | |
| | **(j)** | | | **(t)** | | |

| | **Scrúdaitheoir** | **Scrúd. Comh.** |
|---|---|---|
| **Marc carnach** | | |
| **Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh** | | |
| **An marc iomlán a bronnadh** | | |

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 100 marc |
|---|---|---|

Freagair **cúig cinn déag** de na míreanna seo a leanas, **(a), (b), (c)…** Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Ceist 1**

**(a)** Ainmnigh **dhá** ghrúpa nach bhfuil dóthain ionadaíochta acu sna próisis chinnteoireachta sna scoileanna. Mínigh do fhreagra.

Grúpa 1: ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

Grúpa 2: ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**(b)** **(i)** Tá an Chúirt ____________________ ____ ____________________ ____

____________________ freagrach as a chinntiú go gcuirtear an Coinbhinsiún Eorpach

um Chearta an Duine (ECHR) chun feidhme.

**(ii)** Cén fáth a dtabharfadh saoránach de chuid na hÉireann cás os comhair na cúirte sin?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**(c)** Tabhair breac-chuntas ar ról an Dr Niall Muldoon, an tOmbudsman do Leanaí in Éirinn.



_______________________________________________________

_______________________________________________________

_______________________________________________________

_______________________________________________________

**(d)** Ainmnigh **dhá** eagraíocht chearta daonna in Éirinn. Déan cur síos ar obair ceann amháin de na heagraíochtaí sin.


1. ______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

Obair: ______________________________________________________________

______________________________________________________________

**(e)** Scrúdaigh na sonraí faoin imirce agus faoin éagsúlacht in Éirinn i nDaonáireamh 2016 agus freagair na ceisteanna thíos.




(i) Cad iad an **dá** náisiúntacht neamh-Éireannacha ba mhó a taifeadadh i ndaonáireamh 2016?

______________________________________________________________

(ii) Déan cur síos ar láidreacht **amháin** agus ar theorainn **amháin** a bhaineann le sonraí daonáirimh.

Láidreacht: ______________________________________________________________

______________________________________________________________

Teorainn: ______________________________________________________________

______________________________________________________________

**(f)** Cé acu comhlacht díobh seo thíos de chuid an Aontais Eorpaigh a dhéanann ionadaíocht thar ceann shaoránaigh na mballstát tríd an obair a dhéanann na FPE?
Cuir tic le ceann amháin acu (✓).

- An Coimisiún Eorpach ☐
- Parlaimint na hEorpa ☐
- Comhairle an Aontais Eorpaigh ☐

**(g)** Mínigh a bhfuil i gceist le 'easumhlaíocht shibhialta'. Ainmnigh sampla d'easumhlaíocht shibhialta.

________________________________________

________________________________________

Sampla: __________________________________

**(h)** Déan liosta de **thrí** shlí a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm ar dhaoine i dtíortha beagfhorbartha.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

**(i)** Mínigh an téarma 'patrarcacht'. Tabhair sampla den phatrarcacht sa tsochaí sa lá atá inniu ann.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

Sampla: __________________________________

**(j)** Mínigh an téarma 'cinedhíothú' agus déan cur síos ar shampla den 'chinedhíothú.'

________________________________________

________________________________________

Sampla: __________________________________

________________________________________

**(k)** Cén ról atá ag comhlachtaí nó grúpaí sa tsochaí sibhialta i sochaithe daonlathacha? Ainmnigh **ceann amháin** de na comhlachtaí nó de na grúpaí sin.

Ról: ______________________________________________________________

______________________________________________________________

Ainm: ______________________________________________________________

**(l)** In 2008, eisíodh Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCeart chun Forbartha.
Déan cur síos ar **dhá** fheidhm atá ag an Dearbhú seo.

An chéad fheidhm: ______________________________________________________________

______________________________________________________________

An dara feidhm: ______________________________________________________________

______________________________________________________________

**(m)** Tagairt is ea an tvuít thíos don easpa clúdaigh sna meáin ar an ngéarchéim leanúnach i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, áit ar taifeadadh breis agus 5 mhilliún bás de bharr na coimhlinte ó 1998 i leith.




**concernactive**
@concernactive · Samh 13
Follow

⚠ Cad a tharlaíonn nuair nach n-insíonn an nuacht dúinn faoi cheisteanna móra atá ag dul i gcion ar dhaoine sa domhan? Ligtear i ndearmad iad. Faigh amach faoin **#éigeandáil** dearmadta i bPob. Dhaon. an Chongó – tá 3.9 milliún duine easáitithe agus tá gá ag 8.5 milliún duine le cabhair dhaonnúil. ⚠
concernusa.org/story/democrat ...

An bhfuil freagracht shóisialta ar na meáin tuairisciú ar éigeandáil mhór mar an ceann seo? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

1. ______________________________________________________________

______________________________________________________________

2. ______________________________________________________________

______________________________________________________________


**(n)** Mínigh cad a chiallaíonn sé ceart a bheith 'teoranta' agus tabhair sampla.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

Sampla: ______________________________________________________________

**(o)** In 2017 d'fhoilsigh UNESCO tuarascáil ar shaoirse cainte agus ar fhorbairt na meán a léirigh treochtaí domhanda maidir le sábháilteacht iriseoirí. Scrúdaigh an chairt thíos agus freagair na ceisteanna ina diaidh.




**(i)** An sampla de shonraí cáilíochtúla nó de shonraí cainníochtúla atá sa chairt seo?

______________________________________________________________________

**(ii)** Tabhair **dhá** chúis ar taifeadadh an líon ba mhó básanna i measc iriseoirí teilifíse.

Cúis 1: ______________________________________________________________

______________________________________________________________________

Cúis 2: ______________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(p)** Tabhair **dhá** phointe a mhíníonn cad a chiallaíonn sé seasamh ar an eite dheas a bheith ag duine sa pholaitíocht.

An chéad phointe: ______________________________________________________

______________________________________________________________________

An dara pointe: ________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(q)** Bhí Éire ar cheann de na tíortha a chuir a síniú le Comhaontú Aeráide Pháras in 2016, an comhaontú idirnáisiúnta chun an t-ardú teochta domhanda a choinneáil faoi bhun 2 chéim Celsius san 21ú haois.

Mol gníomh **amháin** a d'fhéadfadh gach ceann díobh seo a leanas a dhéanamh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú san iarracht chun ár ngealltanais faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh:

Gníomh aonair: ______________________________

Gníomh pobail: ______________________________

Gníomh rialtais: ______________________________

**(r)** An mbaineann gach duine in Éirinn an tairbhe chéanna as an gceart ar oideachas? Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra.

Cúis 1: ______________________________

______________________________

Cúis 2: ______________________________

______________________________

**(s)** Ainmnigh **ceithre** cinn de na naoi bhforas idirdhealaithe a ainmnítear sna hAchtanna um Stádas Comhionann na hÉireann, 2000-2015.

1. ________________ 2. ________________

3. ________________ 4. ________________

**(t)** Cuir tic (✓) le fíor nó bréagach mar fhreagairt do na trí ráiteas thíos faoi roghnú Choiste Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann.

- Na páirtithe polaitíochta i dTionól Thuaisceart Éireann a ainmníonn Airí na Feidhmeannachta.

  Fíor ☐ Bréagach ☐

- Is é an líon suíochán ag páirtí sa Tionól a chinneann an líon Airí is féidir le páirtí a ainmniú chuig an gCoiste Feidhmeannachta.

  Fíor ☐ Bréagach ☐

- Is iad an páirtí is mó agus an dara páirtí is mó faoi seach a ainmníonn an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire.

  Fíor ☐ Bréagach ☐

## Roinn B — Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí — 150 marc

Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Scríobh na freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

**Doiciméad A (arna chur in oiriúint ón tuarascáil bhunaidh)**




Sa tuarascáil seo le Focus Ireland cuirtear i láthair na príomhthorthaí as gearrshuirbhé cainníochtúil a rinneadh ar an teileafón le 38 teaghlach a chuir in iúl go raibh siad gan dídean i gceantar Bhaile Átha Cliath le linn mhí an Mhárta 2017. Is é príomhfhócas an tsuirbhé ná a fháil amach cá raibh na teaghlaigh ina gcónaí sula ndearna siad teagmháil leis na seirbhísí do dhaoine gan dídean agus cad iad na príomhthosca ba chúis le cailleadh na tithíochta acu.

Táthar ag súil leis go gcuideoidh giniúint sonraí tráthúla le bonn eolais a chur faoi pholasaithe agus faoi fhreagairt na seirbhísí do theaghlaigh a bheith gan dídean in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Déanann Focus Ireland suirbhé mar seo gach trí mhí chun athrú nó comhsheasmhacht a bhrath thar thréimhse ama. Is í seo an cúigiú tuarascáil agus leanadh den mhodheolaíocht chéanna.

Ní mhaítear sa suirbhé seo go dtugtar léargas ionadaíoch ann ar na teaghlaigh ar fad atá gan dídean i réigiún Bhaile Átha Cliath; ina áit sin, cuireann sé anailís ar fáil ag an bpointe áirithe sin ar an líon daoine a chaill a gcuid áiteanna cónaithe i mí ar leith. Má dhéantar an suirbhé seo gach trí mhí, áfach, táthar ag súil leis go dtiocfaidh treochtaí agus patrúin chun solais a chuirfidh lenár dtuiscint ar na nithe is cúis le teaghlaigh a bheith gan dídean thar thréimhse ama.


**CÚISEANNA LEIS AN gCÓIRÍOCHT SHLÁN DEIRIDH A FHÁGÁIL**

| Cúiseanna leis an gcóiríocht shlán deiridh a fhágáil | | Líon na bhfreagróirí |
|---|---|---|
| An réadmhaoin a bheith tarraingthe siar ó earnáil phríobháideach na tithíochta ar cíos (37%) | An tiarna talún ag díol | 11 (29%) |
| | An tiarna talún ag bogadh isteach / ag tabhairt na réadmhaoine do dhuine muinteartha | 3 |
| Ceisteanna breise a bhaineann le hearnáil phríobháideach na tithíochta ar cíos (18%) | An cíos ró-ard | 5 |
| | An léas gan a bheith á athnuachan | 2 |
| Eile | Cliseadh ar chaidreamh | 6 |
| | Aighneas teaghlaigh | 4 |
| | Róphlódú | 4 |
| | Cailleadh poist | 1 |
| | Bás | 1 |
| | Iompar frithshóisialta | 1 |
| | **Iomlán** | **38** |

**(Fágadh 37% san iomlán de an teaghlaigh gan dídean mar tharraing an tiarna talún an réadmhaoin siar ó earnáil phríobháideach na tithíochta ar cíos.)**

**Is gnách go n-eagraíonn an t-údarás áitiúil lóistín éigeandála in óstáin nó i dtithe leaba is bricfeasta do theaghlaigh gan dídean.**

**Doiciméad B (arna chur in oiriúint ón suíomh gréasáin)**




**As an 184 duine ar thángthas orthu agus iad ag codladh amuigh oíche an 7ú Samhain 2017:**

Bhí 102 díobh i dteagmháil leis na seirbhísí do dhaoine gan dídean roimhe sin agus bhí 11 díobh nach raibh, agus ní raibh dóthain eolais ar fáil faoin 71 eile le fáil amach cé acu a bhí siad i dteagmháil leis na seirbhísí nó nach raibh.

Éireannaigh ba ea 80 díobh, náisiúnaigh neamh-Éireannacha ba ea 53 díobh, agus níorbh fhéidir náisiúntacht 51 díobh a aithint an oíche áirithe sin.

**Bhí an 184 ag codladh amuigh ar an líon ab airde a cláraíodh i réigiún Bhaile Átha Cliath ó thosaigh an comhaireamh oifigiúil in 2007.**

Agus iad ag trácht ar chomhaireamh an gheimhridh seo, dúirt an Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine i Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHE): “Tá modheolaíocht iontaofa forbartha againn chun na daoine atá ag codladh amuigh a chomhaireamh”.

Cuireadh 50 foireann ar leith amach chuig ceantair gheografacha shainithe sa chathair agus sa chontae a bhfuil a fhios acu daoine a bheith ag codladh amuigh iontu. Chomhair na foirne sonraí gach duine a fuarthas ag codladh amuigh ag am nuair nach mbíonn aon chóiríocht éigeandála oscailte chun glacadh le daoine. Bhuail na foirne freisin le Seirbhís Maor Páirce Oifig na nOibreacha Poiblí i bPáirc an Fhionnuisce agus i bhFaiche Stiabhna chun a chinntiú go n-áirítear daoine atá ag codladh amuigh sna ceantair sin.

Tá DRHE freagrach as na daoine a chodlaíonn amuigh i mBaile Átha Cliath a chomhaireamh gach sé mhí ó 2007 i leith. Is modh é an comhaireamh sráide chun an t-ioslíon daoine ag codladh amuigh an oíche áirithe sin i réigiún Bhaile Átha Cliath a dheimhniú agus cuidíonn sé sa phleanáil do sheirbhísí.

Aithnítear nach dtugann comhaireamh amháin ach cuid den phictiúr; staid dhinimiciúil a bhíonn ag síorathrú is ea an codladh amuigh, ina gcaitheann roinnt daoine tréimhsí fada ag codladh amuigh agus roinnt eile anois is arís.

**Sainmhínítear codladh amuigh mar seo:** “Daoine ina gcodladh, nó socraithe síos, amuigh faoin aer (ar na sráideanna, i ndoirse, i bpáirceanna nó i scáthláin bhus, mar shampla); daoine i bhfoirgnimh nó in áiteanna eile nár dearadh don chónaí (sciobóil, seideanna, carrchlóis, carranna, báid nó stáisiúin thréigthe, mar shampla)”.

**Cúiseanna le hEaspa Dídine:** Ceist chasta is ea an easpa dídine. Féadann daoine a bheith gan dídean ar chúiseanna éagsúla: cliseadh teaghlaigh, eisiamh sóisialta, fadhbanna meabhairshláinte, mí-úsáid drugaí nó alcóil, deacrachtaí le claonadh gnéis agus drochshláinte choirp, mar shampla. Féadann daoine a bheith gan dídean ar chúiseanna struchtúrtha freisin: ioncam íseal, íocaíochtaí cíosa nó morgáiste, fiacha agus dífhostaíocht, mar shampla.

**Ceist 2** **(50 marc)**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, cad iad an **dá** chúis is coitianta le daoine a bheith gan dídean?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**(b)** De réir Dhoiciméad A, cén fáth a ndéanann Focus Ireland an suirbhé seo gach trí mhí?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**(c)** De réir Dhoiciméad B, cén céatadán den 184 duine a bhí ag codladh amuigh a bhí san aoisghrúpa 18-30 bliain?

______________________________________________________________________________

**(d)** Mínigh an chúis a ndeirtear i nDoiciméad B nach dtugann an comhaireamh i mí na Samhna 2017 ach cuid den phictiúr.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**(e)** Pléitear gnéithe éagsúla den easpa dídine i nDoiciméad A agus i nDoiciméad B. Sainaithin **dhá** phríomhdhifríocht idir Doiciméad A agus Doiciméad B, agus cuir síos orthu.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**(f)** Tar éis duit scrúdú a dhéanamh ar Dhoiciméad A agus ar Dhoiciméad B an mbeifeá den tuairim go bhfuil éigeandáil ann i gcás easpa dídine in Éirinn faoi láthair? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**Ceist 3** **(40 marc)**

**(a)** Ainmnigh **dhá** phríomhphíosa eolais a rabhthas ag iarraidh breith orthu sa suirbhé teileafóin i nDoiciméad A.

______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** láidreacht agus ar **dhá** theorainn a bhaineann leis an modheolaíocht a úsáideadh i nDoiciméad A.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** dhúshlán a bhaineann leis an modheolaíocht a úsáideadh i nDoiciméad B chun na sonraí maidir le líon na ndaoine a bhí ina gcodladh amuigh a bhailiú.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(d)** I nDoiciméad B, cén aidhm atá ag an bhFeidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine i Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHE) leis an taighde seo a dhéanamh gach sé mhí ar an líon daoine ina gcodladh amuigh?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(e)** Tuairiscítear fíricí agus figiúirí faoin easpa dídine go rialta sna meáin. Cén tairbhe a bhaineann leis na meáin a bheith ag tuairisciú torthaí taighde den chineál seo?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Ceist 4** **(60 marc)**

**(a)** "Tá Sophie 5 bliana d'aois agus í ina cónaí in óstán (cóiríocht éigeandála), agus níl sa domhan ar fad aici ach an spás caol idir dhá leaba."

(suíomh gréasáin Barnardos Ireland)

An mbíonn tionchar diúltach ag an easpa dídine ar chearta daoine óga faoi mar atá siad leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh? Cosain do fhreagra.

**(b)** Creideann Ceartas Sóisialta Éireann (eagraíocht neamhspleách chun sochaí chóir a thógáil) go bhfuil conradh sóisialta na hÉireann briste de bharr easpa dídine agus ceisteanna tromchúiseacha sóisialta eile atá ag cur as do shochaí na hÉireann.

An aontaíonn tú le Ceartas Sóisialta Éireann? Mínigh do fhreagra agus tú ag tarraingt ar an eolas i nDoiciméad A agus i nDoiciméad B agus ar an bhfoghlaim níos leithne atá déanta agat san ábhar, an Pholaitíocht agus an tSochaí.

## Roinn C — Aiste Dhioscúrsach — 150 marc

Freagair **trí** cinn ar bith as na ceisteanna 5, 6, 7, 8, 9 agus 10. Freagair sna spásanna a cuireadh ar fáil.

**Ceist 5** **(50 marc)**



Tá imreoirí de chuid na Sraithe Náisiúnta Peile (NFL) tar éis 'dul ar leathghlúin' nó suí síos le linn d'amhrán náisiúnta Mheiriceá a bheith á sheinm mar agóid i gcoinne bhrúidiúlacht na bpóilíní agus neamhionannas ciníocha i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Tá sé ráite go léiríonn a gcuid gníomhartha dímheas ar an tír agus moladh go dtabharfaí bata agus bóthar do na himreoirí atá i mbun agóide.

**Úsáid an feachtas thuas nó gníomhartha eile a bhfuil eolas agat orthu, agus pléigh an éifeacht a bhaineann le duine a bheith ag úsáid a p(h)róifíl phoiblí le dul i gcion go dearfach ar an tsochaí.**

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i do fhreagra:

- An cheist/na ceisteanna a aithint;
- Cineálacha éagsúla meán a úsáideadh;
- Cur síos ar an straitéis a úsáideadh;
- Oiriúnacht na straitéise a úsáideadh;
- Éifeacht na straitéise a úsáideadh;
- Réim agus tionchar an ghnímh.

**Ceist 6** **(50 marc)**

In 2018 beidh comóradh céad bliain ann ar an gceart a bhain mná Éireannacha os cionn 30 bliain d'aois agus réadmhaoin acu, vóta a chaitheamh agus seasamh i dtoghchán.

**An gné den saol in Éirinn an lae inniu i gcónaí an neamhionannas inscne?**

Úsáid fianaise agus samplaí ábhartha chun tacú le do fhreagra.

**Ceist 7** **(50 marc)**

**Pléigh an tábhacht a bhaineann leis an bhféiniúlacht eitneach i gcomhthéacs na bhforbairtí domhanda a tharla le déanaí.**

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i do fhreagra:

- Fás an náisiúnachais;
- Pobal samhalta;
- Sinne agus iadsan;
- Ionsaithe sceimhlitheoireachta;
- An imirce;
- Brexit / polasaithe na Stát Aontaithe le déanaí.

**Ceist 8** **(50 marc)**

In Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) deirtear go bhfuil sé de cheart ag leanaí a dtuairimí faoi nithe a bhaineann leo a chur in iúl agus gur chóir a gcuid tuairimí a chur san áireamh, ag brath ar a n-aois agus ar a leibhéal aibíochta.

**Ó do thaithí féin agus ó thorthaí taighde ábhartha, déan plé ar cé acu a bhaineann nó nach mbaineann daoine óga na hÉireann tairbhe as an gceart seo ar scoil agus/nó ag an leibhéal áitiúil agus/nó náisiúnta.**

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i do fhreagra:

- Próisis chinnteoireachta;
- Comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann daoine óga;
- An mbaineann gach duine óg an tairbhe chéanna as an gceart seo?
- Sealbhóir cirt / iompróir cirt;
- Ról stát na hÉireann;
- Dúshláin a bhaineann leis an gceart seo a chur i bhfeidhm;
- Moltaí i gcomhair tuilleadh feabhais maidir le tacú leis an gceart seo / maidir leis an gceart seo a chur i bhfeidhm.

**Ceist 9** **(50 marc)**




Sampla is ea saothar leanaí de shéanadh as cuimse ar chearta leanaí faoi mar a leagtar síos iad i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC).

Deirtear in Airteagal 28 den UNCRC go bhfuil ceart ag gach leanbh ar an oideachas. Caithfidh an bunoideachas a bheith saor in aisce. Caithfidh meánoideachas a bheith ar fáil do gach leanbh. Ní mór meas a bheith ar dhínit leanaí i gcúrsaí smachta ar scoil. Ní mór do thíortha saibhre cuidiú le tíortha níos boichte é seo a bhaint amach.

Foinse: UNICEF

**Agus tú ag glacadh le saothar leanaí mar shampla, nó le haon cheist eile a bhaineann le leanaí, déan plé ar an gcaoi ar theip ar chur i bhfeidhm Airteagal 28 den UNCRC ar fud an domhain.**

Úsáid fianaise agus samplaí ábhartha chun tacú le do fhreagra.

**Ceist 10** **(50 marc)**

# Oileán Henderson

## – oileán neamháitrithe iargúlta atá breactha le beagnach 38 milliún píosa plaistigh



Bagairt mhór don chomhshaol anois is ea an méid plaistigh atá dumpáilte in aigéin an domhain.

**Tá fadhb na dramhaíola domhanda ag dul i méid. Déan plé ar an gcaoi a bhféadfadh tionscnaimh áitiúla agus do chuid ceannachán féin cur leis an bhfadhb nó dul i ngleic leis an bhfadhb.**

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i do fhreagra:

- Sochaí na n-earraí aon uaire;
- Tomhaltachas eiticiúil;
- Gníomhaíocht ag an bpobal áitiúil;
- Tionscnaimh pholaitiúla, e.g. tobhach (cáin) ar chupáin chaife aon uaire;
- An tAontas Eorpach, e.g. Straitéis do Phlaistigh;
- Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (Sprioc 13).

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**
**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**
**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Admhálacha**

**Íomhánna**

Íomhá ar leathanach 2: <https://cdn-02.independent.ie/incoming/article35511645.ece/6467c/AUTOCROP/w620/10%20NE WS%20 ie%20new%20Niall%20Muld.jpg> (Léite ar 8 Samhain 2017). Oiriúnaithe.
Grafaic faisnéise ar leathanach 3: <http://www.cso.ie/en/csolatestnews/presspages/2017/census2016profile7-migrationanddiversity/> (Léite ar 12 Samhain 2017). Oiriúnaithe.
Íomhá ar leathanach 5: <https://twitter.com/concernactive?lang=en> (Léite ar 9 Samhain 2017). Oiriúnaithe.
Graf ar leathanach 6: <https://en.unesco.org/world-media-trends-2017/trends-safety-journalists> (Léite ar 12 Samhain). Oiriúnaithe.
Íomhá ar leathanach 14: <Michael Reaves/Getty Images https://www.theguardian.com/us-news/2017/sep/25/taking-a-knee-donald-trump-new-era-total-protest-nfl> (Léite ar 8 Samhain 2017). Oiriúnaithe
Íomhá ar leathanach 15: <https://mtotonewsblog.files.wordpress.com/2017/06/img_u640eh.jpg?w=460&h=280> (Léite ar 12 Samhain 2017). Oiriúnaithe.
Íomhá ar leathanach 16: <https://www.rte.ie/news/2017/0516/875517-henderson-island-litter/> (Léite ar 10 Samhain 2017). Oiriúnaithe.

**Tuarascálacha**

Doiciméad A: <https://www.focusireland.ie/wp-content/uploads/2016/04/Insights-into-Family-Homelessness-No-7-Survey-of-the-families-that-became-homeless-during-September-2016-FINAL.pdf> (Léite ar 12 Samhain 2017). Oiriúnaithe.
Doiciméad B: <file:///C:/Users/SEC7552/Downloads/19809_DCCo_DRHE_Rough_Sleeper-Infographc_Winter_2017 V2% 201%20(2).pdf> and <http://www.homelessdublin.ie/homeless-facts> (Léite ar 24 Eanáir 2017) Oiriúnaithe.

D'fhéadfadh sé go ndearnadh ábhar a oiriúnú, ar mhaithe leis an measúnú, gan toiliú an údair a fháil roimh ré.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar de réir Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000). Ní údaraítear aon úsáid a bhaint as seachas an úsáid lenar ceapadh é. Ní ghlacann an Coimisiún aon fhreagracht as aon sárú ar chearta tríú páirtí a leanann as dáileadh nó as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

An Ardteistiméireacht – Gnáthleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Céadaoin, 20 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 – 4:30